# Céimeanna i dtreo Saol níos Glaise



## MÚCH AN SCONNA

AGUS DO CHUID FIACLA Á SCUABADH AGAT



## TÉIGH AG SIÚL NÓ TÉIGH AR DO ROTHAR

NUAIR IS FÉIDIR



## NÍOS LÚ PACÁISTÍOCHTA A ÚSÁID

LAGHDAIGH É - ATHCHÚRSÁIL É



## BÍODH CITHFHOLCADH AGAT

SEACHAIN AN FOLCADÁN



## DO CHUID FÉIN A FHÁS



## NÁ BEIRIGH ACH DO DHÓTHAIN



## CAS AS É - MÚCH É

NUAIR NACH MBÍONN SÉ IN ÚSÁID

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

Tuilleadh Eolais ó ENFO

@www.askaboutireland.ie

# Duais Nobel na Síochána Buaite ag Malala Yousafzai

Dúirt Malala Yousafzai, déagóir óg ón bPacastáin, go raibh sí sa rang ceimice ar scoil in Birmingham nuair a thug múinteoir amach í chun a rá léi go raibh Duais Nobel na Síochána buaite aici i bpáirt le duine eile i mbliana.

Seacht mbliana déag d'aois atá sí. Rinne an Talaban í a lámhach sa chloigeann in 2012 toisc í a bheith ag comhrac ar son cearta oideachais do chailíní, agus anois tá sí ar an duine is óige riamh a bhuaigh an duais. Uirthi féin agus ar Kailish Satyarthi a roinneadh an duais. Indiach é Kailish Satyarthi a bhíonn i mbun feachtais i gcoinne ceannaíocht agus fostú páistí.

Dúirt Malala go bhfuil sí níos diongbháilte ná riamh ó bhuaigh sí Duais Nobel troid



a dhéanamh chun go mbeadh cearta oideachais ag gach uile pháiste.

"Uaireanta is deacair do chuid mothúchán a chur in iúl ach braithim gur mór an onóir a bronnadh orm. Bhraith mé níos cumhachtaí agus níos cróga mar tá níos mó i gceist leis an duais seo ná píosa miotail nó bonn a chaithfeá nó duais a choimeádfá i do sheomra," ar sise.

Dúirt Malala nach bhfuil sé i gceist aici feasta a bheith ina dochtúir agus go bhfuil sé beartaithe anois aici a bheith ina "polaiteoir, ina polaiteoir maith."

Rud eile a dúirt Malala faoin duais: "Creidim nach ormsa amháin a bhronn coiste Nobel an duais ach gur duais í seo do na páistí ar fad nach gcloistear a nguth agus ar gá go gcloisfí a nguth."

Bhí ardáthas ar mhuintir bhaile dúchais Malala sa Phacastáin agus rinne a hiarmhúinteoirí, na páistí a bhí in aon rang léi tráth agus a gaolta a bua a cheiliúradh. Tá sé i gceist ag a seanscoil ceiliúradh a bheith acu ina honóir.

Dúirt arm na Pacastáine an mhí seo caite gur ghabh siad deichniúr reibiliúnach de chuid an Talaban a ghlac páirt san iarracht ar í a fheallmharú.




Curtha in oiriúint as alt le Darren Staples san Irish Independent, 1 Deireadh Fómhair, 2014.

# NA NÁISIÚIN AONTAITHE AG COIMEÁD NA SÍOCHÁNA – IS COMHPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA MUID

## COIMEÁDTAR AN tSÍOCHÁIN LE CÚNAMH

193 ballstát

A THUGANN

PEARSANRA, TREALAMH & MAOINIÚ

*BUISÉAD 7.83 BILLIÚN

NÍOS LÚ NÁ 0.5% DE CHAITEACHAS AN DOMHAIN AR CHÚRSAÍ MÍLEATA

118,111

AN PEARSANRA IOMLÁN AR AN MACHAIRE

122 TÍR AG TABHAIRT TRÚPAÍ, PÓILÍNÍ AGUS PEARSANRA MÍLEATA

## AG OBAIR LENÁR gCOMHPHÁIRTITHE IDIRNÁISIÚNTA

AA
An tAontas Afracach

AE
An tAontas Eorpach

AGUS LENÁR bPÁIRTITHE SNA NÁISIÚIN AONTAITHE AR A N-ÁIRÍTEAR

An Banc Domhanda

UNDP
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe

MNÁ na N.A.

## SAN ÁIREAMH I gCOIMEÁD NA SÍOCHÁNA

17 MISEAN

AR FUD 4 MHÓR-ROINN

## IN Darfur

ATÁ AN DARA MISEAN IS MÓ

ar bun 2007

22,623 duine

I gCOMHPHÁIRTÍOCHT LEIS AN AA
An tAontas Afracach

## TÁ OIBRÍOCHT LÓISTÍOCHTA DHOMHANDA I gCEIST LE COIMEÁD NA SÍOCHÁNA

| | |
|---|---|
| 56 | EITLEÁN |
| 12 | LONG |
| 144 | HÉILEACAPTAR |
| 34,742 | FEITHICIL |
| 30 | OSPIDÉAL |
| 284 | CLINIC LEIGHIS |

## OIBRÍMID I gCOMHPHÁIRTÍOCHT LEIS NA TÍORTHA AÍOCHTA AGUS CABHRAÍMID LE DAOINE AR FUD AN DOMHAIN

6M km cearnach – ACHAR IOMLÁN NA dTÍORTHA INA BHFUILIMID AG FEIDHMIÚ

174M – AN POBAL ÁITIÚIL IOMLÁN SNA TÍORTHA INA BHFUILIMID AG FEIDHMIÚ

un.org/peacekeeping

Úsáideadh sonraí ó 2013-2014

*Acmhainní faofa don tréimhse ó 1 Iúil 2013 go 30 Meitheamh 2014

# Torthaí Thoghchán na hEorpa – 23 Bealtaine 2014

## Baile Átha Cliath — Parlaimint na hEorpa

**3 Shuíochán** | **12 Iarrthóir** | **7 gComhaireamh**

**Toghthóirí: 820,668** | **Cuóta 88,144**

| | Iarrthóir | Páirtí | Na Vótaí Céad-Rogha | Cion | Cuóta | Comhaireamh | Stádas | Suíochán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
|  | Lynn Boylan | SF | 83,264 | 23.62% | 0.94 | 3 | Cuóta Sroichte | 1 |
|  | Nessa Childers | IND | 35,939 | 10.19% | 0.41 | 7 | Tofa | 2 |
|  | Brian Hayes | FG | 54,676 | 15.51% | 0.62 | 7 | Tofa | 3 |
|  | Eamon Ryan | G | 44,078 | 12.50% | 0.50 | (7) | Níor Toghadh | |
|  | Mary Fitzpatrick | FF | 44,283 | 12.56% | 0.50 | (5) | As an Áireamh | |
|  | Paul Murphy | Soc | 29,953 | 8.50% | 0.34 | (4) | As an Áireamh | |
|  | Emer Costello | Lab | 25,961 | 7.36% | 0.29 | (3) | As an Áireamh | |
|  | Bríd Smith | PBP | 23,875 | 6.77% | 0.27 | (2) | As an Áireamh | |
|  | Tom Darcy | DDI | 4,022 | 1.14% | 0.05 | (1) | Costais ar bith | |
|  | Raymond Whitehead | DDI | 3,133 | 0.89% | 0.04 | (1) | Costais ar bith | |
|  | Jim Tallon | IND | 2,244 | 0.64% | 0.03 | (1) | Costais ar bith | |
|  | Damon Wise | FN | 1,147 | 0.33% | 0.01 | (1) | Costais ar bith | |
| **An Vóta Bailí Iomlán** | | | **352,575** | **42.96%** | | | | |
| **Vótaí Millte** | | | **6,368** | **1.77%** | | | | |
| **Vóta Iomlán** | | | **358,943** | **43.74%** | | | | |